

Scéal, Scéal, Scéal...



14 Iúil 2022 || Eagrán 105

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.

Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.



DEALBH UÍ CHADHAIN

Beidh Dealbh Uí Chadhain á nochtadh @ 3i.n. ar an Satharn 23ú Iúil, ar an Airdín Buí, beagán taobh thiar de Shráidbhaile an Spidéil. Tá an dealbh déanta ag Alan Ryan Hall, le tacaíocht agus le síntiúis ó eagraíochtaí Gaeltachta agus acadúla, ó ghaolta leis an gCadhach, agus ó dhaoine aonair a tiomsaíodh an t-airgead don dealbh. Is ag Cumann Forbartha Chois Fharraige a bhí an smaoineamh an dealbh a dhéanamh agus a lonnú sa Spidéal agus bhronn an Cumann Forbartha €5,000 ar lontaobhas Uí Chadhain le tús a chur leis an bhfeachtas bailiú airgid. Sé Dónall Ó Braonáin ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a dhéanfaidh an dealbh a nochtadh.

CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhlúadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



M'AINM, MO SCÉAL

Tá clár nua á thaifeadadh ag an Ronin Films maidir le hainmneacha Domhanda agus Gaelacha. Tá daoine óga idir 5-10 mbliana d'aois, a bheadh compordach os comhair an cheamara, ag teastáil uathu le bheith



páirteach sa chlár. Caithfear súil ar ainmneacha éagsúla agus céard is brí leo ar an gclár. Más mian leat suim a léiriú ann nó níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le sian@roninfilms.tv

SCIPÉIR ÓG CHOIS FHARRAIGE

Tá seoltóir óg Chois Fharraige Cathal Mahon ó Na Forbacha, ag dul ó neart go neart agus é ceaptha ina scipéir ar bhád seoil na hÉireann 'An Green Dragon'. Thug an bád faoi rás timpeall na hÉireann agus tá sé ar intinn ag Cathal anois tabhairt faoi rás Volvo amach anseo. D'fhoghlaim Cathal faoi chúrsaí seoltóireachta agus é mar bhall de Chlub Seoltóireachta an Spidéil agus tá sé bainteach leis an gclub fós anois ar bhonn teagascóra. Dúirt Cathal, agus é i mbun cainte le Nuacht TG4 gur thosaigh sé ag an gclub nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois agus go bhfuil sé thar a bheith bródúil a bheith ag seoltóireacht ar son na tíre. Treise leat a Chathal!



DUAIS IDIRNÁISIÚNTA DON SCANNÁN 'FOSCADH'

Bronnadh duais ar an scannán 'Foscadh' ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Kimolos, sa Ghréig, le gairid. Bronnadh an gradam 'The Golden Tree' - príomhdhuais na Féile - ar an scannán de chuid Seán Breathnach. 'Sé Dónall Ó Héalaí atá sa phríomróil, fear darbh ainm John Cunliffe. D'éirigh go hiontach leis an scannán in Éirinn agus thar timpeall na cruinne. Léiríodh 'Foscadh' mar chuid den scéim Cine4 atá á reáchtáil ag Screen Ireland, TG4 agus Údarás Craolacháin na hÉireann. Léiríodh an chéad scannán eile de chuid na scéime le gairid ag Fleadh Scannán na Gaillimhe. 'Róise & Frank' is ainm dó agus tá roinnt duaiseanna buaite ag an scannán cheana féin ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Sonoma agus ag Féile Santa Barbara. Sí Bríd Ní Neachtain atá i ról Róise agus is iad Peter Murphy agus Rachel Moriarty stiúrthóirí an scannáin.



Cine4
Ceathair
Scannáin le TG4- Films in Irish


IMREOIRÍ IONTACHA CHOIS FHARRAIGE

Comhghairdeas ó chroí le Tomás Farthing agus Fionn O Connor, imreoirí CLG An Spidéal a bhí ag imirt ar fhoireann na Gaillimhe sa gCraobh Mhionúir Peile na hÉireann le gairid. Fuair imreoirí na Gaillimhe an lámh in uachtar ar Mhaigh Eo ar an lá. Ainmníodh Tomás Farthing mar Laoch na hImeartha ar an lá. Ar ndóigh tá ard mholadh ag dul do na himreoirí iontacha seo, a dteaghlaigh agus na treanálaithe a bhí ag obair leo thar na blianta ag an gclub. Treise libh, a chairde!



RÉALTA TEILIFÍSE NUA AG TEASTÁIL Ó FÍBÍN

Tá Meangadh Fíbín sa tóir ar dhaoine óga don chlár 'Is Mise' a bheas á thaifeadadh acu go luath. Daoine óga breá cainteacha, muiníneacha agus fuinniúla, idir 6-10 mbliana d'aois atá ag teastáil. Le suim a léiriú, ní mór físeán gearr (1-2 nóiméad) a thaifeadadh ag tabhairt cur síos ort féin agus ar an gcaitheamh aimsire is fearr leat. Is féidir an físeán a sheoladh chuig eolas@fabinmedia.ie nó ar WhatsApp ar 085 138 9582. Go n-éirí libh a chairde!



CAINTEOIRÍ GAEILGE AG TEASTÁIL

Tá Fios Físe sa tóir ar chainteoirí Gaeilge le cúnamh a thabhairt dóibh. Ba bhréa leo cloisteáil ó phobal na Gaeilge le roinnt eolais a fháil maidir le tuairimí an phobail i leith cláir RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4. Má tá suim agat ann is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a

dhéanamh le Fios Físe ag eolas@fiosfise.ie nó is féidir clárú ach cuairt a thabhairt ar www.fiosfise.ie/claru/

RTÉ RAIDIÓ
NA GAELTACHTA

TG4

CAMPAÍ CAMÓGAÍOCHTA

Tá sé socraithe ag Cumann Camógaíochta Chois Fharraige campa camógaí a reáchtáil do chailíní an cheantair ar Pháirc an Chnoic, idir Luan 18 agus Aoine 22 Iúil. Ní amháin go mbeidh scileanna leis an gcamán is an sliotar á chleachtadh i gcaitheamh na seachtaine, ach beidh ceol, ceardaíocht agus cadhcáil ar bun chomh maith ag na cailíní a bheas páirteach sa gcampa.



Tá an campa oscailte do chailíní ó aois sé bliana suas. Is féidir breis eolais a fháil ach glaoch ar Mháirtín Ó Dubhghaill ag 086 4084 033, nó ar Mhartina Ní Ghabháin ar 087 6372 941.



Foireann Chois Fharraige faoi 12 a thug leo an Pláta Dé hAoine seo caite nuair a bhuail siad Mainistir Chnoc Mhuidhe sa Chluiche Ceannais.

FOLÚNTAS LE GAILLIMH LE GAEILGE

Tá Gaillimh le Gaeilge sa tóir ar Riarthóir Oifige le bheith mar bhall dá bhfoireann. Beidh an té a éiríonn leo i gceannas ar obair riaracháin na hoifige a bhainistiú, ag plé le fiosruithe ón bpobal agus ag tabhairt tacaíochta d'fhoireann na heagraíochta, chomh maith le roinnt freagrachtaí agus dualgais eile. Le cur isteach ar an bpost, tá sé riachtanach go bhfuil taithí chuí ag iarrthóirí ar obair riaracháin oifige, tuairisciú agus cuntais, chomh maith le scileanna láidre eagrúcháin agus ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir scríofa agus labhartha. Le cur isteach ar an bpost ní mór CV agus iarratas a sheoladh chuig brid@gleg.ie roimh Dé hAoine 22ú Iúil.